

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 226



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

31 Lúnasa 2022

Clár

II *Gníomhartha neamhrechtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1434 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2022 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha “CMIT-MIT Aqueous 1.5-15”⁽¹⁾ 1**

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1434 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Iúil 2022

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicéideacha “CMIT-MIT Aqueous 1.5-15”

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicéideacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid⁽¹⁾, agus go háirithe an chéad fhomhír d’Airteagal 44(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 21 Meitheamh 2017, chuir Nutrition & Biosciences Netherlands B.V. iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir le húdarú fine táirgí bithicéideacha darb ainm “CMIT-MIT Aqueous 1.5-15” de chineálacha táirge 2, 4, 6, 11, 12 agus 13, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus sholáthair sé daingniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na Fraince meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Rinneadh taifead den iarratas faoin gcás-uimhir BC-CY032700-28 sa Chlár do Tháirgí Bithicéideacha.
- (2) Meascán de CMIT/MIT an tsubstaint ghníomhach atá in “CMIT-MIT Aqueous 1.5-15”, substaint a airítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
- (3) An 31 Márta 2020, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, an tuarascáil mheasúnachta agus conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (“an Ghníomhaireacht”).
- (4) An 18 Nollaig 2020, chuir an Gníomhaireacht tuairim faoi bhráid an Choimisiúin⁽²⁾, chomh maith leis an dréacht-achóimre ar shaintréithe an táirge bhithicéidigh le haghaidh “CMIT-MIT Aqueous 1.5-15” agus an tuarascáil mheasúnachta deiridh ar an bhfine táirgí bithicéideacha i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
- (5) Is é conclúid na tuairime sin gur “fine táirgí bithicéideacha” atá in “CMIT-MIT Aqueous 1.5-15” de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (s), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhfuil sé incháilithe le haghaidh údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir na dréacht-achóimre ar shaintréithe an táirge bhithicéidigh a chomhlíonadh, go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) agus (6) den Rialachán sin.
- (6) An 15 Eanáir 2021, rinne an Gníomhaireacht an dréacht-achóimre ar shaintréithe an táirge bhithicéidigh a tharchur chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
- (7) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé gurb iomchuí, dá bhrí sin, údarú Aontais le haghaidh “CMIT-MIT Aqueous 1.5-15” a dheonú.

⁽¹⁾ IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

⁽²⁾ Tuairim ó ECHA an 3 Nollaig 2020 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh “CMIT-MIT Aqueous 1.5-15” (ECHA/BPC/273/2020), <https://echa.europa.eu/bpc-opinions-on-union-authorisation>.

- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0025449-0000 do Nutrition & Biosciences Netherlands B.V. maidir leis an bhfine táirgí bithicídeacha “CMIT-MIT Aqueous 1.5-15” a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 20 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2032.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 22 Júil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh tacar táirgí bithicéideacha

CMIT-MIT Aqueous 1.5-15

Cineál táirge 2 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

Cineál táirge 4 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)

Cineál táirge 6 - Leasaithe do tháirgí le linn a stórála (Leasaithe)

Cineál táirge 11 - Leasaithe do chórais fhuaraithe agus phróiseála leachta (Leasaithe)

Cineál táirge 12 - Slaimicídí (Leasaithe)

Cineál táirge 13 - Leasaithe sreabhán oibre nó gearrtha (Leasaithe)

Uimhir an údaráithe: EU-0025449-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0025449-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	CMIT-MIT Aqueous 1.5-15
------	-------------------------

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	<p>PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)</p> <p>PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)</p> <p>PT06 - Leasaithe do tháirgí le linn a stórála (Leasaithe)</p> <p>PT11 - Leasaithe do chórais fhuaraithe agus phróiseála leachta (Leasaithe)</p> <p>PT12 - Slaimicídí (Leasaithe)</p> <p>PT13 - Leasaithe sreabhán oibre nó gearrtha (Leasaithe)</p>
-----------------------------	--

1.3. **Sealbhóir an údaráithe**

Ainm agus seoladh sealbhóir an údaráithe	Ainm	MC (Netherlands) 1 B.V.
	Seoladh	Willem Einthovenstraat 4, 2342BH Oegstgeest An Ísiltír

Uimhir an údaraithe	EU-0025449-0000
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0025449-0000
Dáta an údaraithe	20 Meán Fómhair 2022
Dáta éaga an údaraithe	31 Lúansa 2032

1.4. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha

Ainm an déantóra	AD Productions BV
Seoladh an déantóra	Markweg Zuid 27, 4794 SN Heijningen, An Ísiltír
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Markweg Zuid 27, 4794 SN Heijningen, An Ísiltír
Ainm an déantóra	Jiangsu FOPIA Chemicals Co., Ltd
Seoladh an déantóra	Touzeng Village, 224555 Binhuai Town, Binhai County, Yancheng City, Jiangsu, An tSín
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Touzeng Village, 224555 Binhuai Town, Binhai County, Yancheng City, Jiangsu, An tSín
Ainm an déantóra	Acquaflex S.R.L
Seoladh an déantóra	Vigano di Gaggiano, 20083 Milan, An Iodáil
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Vigano di Gaggiano, 20083 Milan, An Iodáil
Ainm an déantóra	LABORATORIOS MIRET, S.A.
Seoladh an déantóra	Hercules, 18, 08228 Terrassa, Barcelona, An Spáinn
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Hercules, 18, 08228 Terrassa, Barcelona, An Spáinn
Ainm an déantóra	HYDRACHIM
Seoladh an déantóra	Route de Saint Poix, 35370 LE PERTRE, An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Route de Saint Poix, 35370 LE PERTRE, An Fhrainc
Ainm an déantóra	DAXEL srl.
Seoladh an déantóra	via Pietro Nenni 8, 42048 Rubiera RE, An Iodáil
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	via Pietro Nenni 8, 42048 Rubiera RE, An Iodáil

Ainm an déantóra	Aquatreat Chemical Products Ltd
Seoladh an déantóra	Unit 7, Abbey Industrial Estate, 24 Willow Lane, CR4 4NA Mitcham, An Ríocht Aontaithe
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Unit 7, Abbey Industrial Estate, 24 Willow Lane, CR4 4NA Mitcham, An Ríocht Aontaithe
Ainm an déantóra	Flexfill s.r.o.
Seoladh an déantóra	Sířejovická 1213, 410 02 Lovosice, Poblacht na Seice
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Sířejovická 1213, 410 02 Lovosice, Poblacht na Seice
Ainm an déantóra	Sopura SA
Seoladh an déantóra	199 rue de trazegnies, 6180 Courcelles, An Bheilg
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	199 rue de trazegnies, 6180 Courcelles, An Bheilg
Ainm an déantóra	Stenco Industrial
Seoladh an déantóra	C/ Gran Vial, 50817 Montornès del Vallès, Barcelona, An Spáinn
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	C/ Gran Vial, 50817 Montornès del Vallès, Barcelona, An Spáinn
Ainm an déantóra	SUEZ WTS France S.A.S.
Seoladh an déantóra	44, Rue Paul Sabatier Z.I. Nord, 71530 Crissey, An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	44, Rue Paul Sabatier Z.I. Nord, 71530 Crissey, An Fhrainc
Ainm an déantóra	QUIPROCALT S.L.
Seoladh an déantóra	Calle Lleida, 2 (Pol Ind Empalme), 43712 Llorenç del Penedès. Tarragona, An Spáinn
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Calle Lleida, 2 (Pol Ind Empalme), 43712 Llorenç del Penedès. Tarragona, An Spáinn
Ainm an déantóra	nv Buckman Laboratories
Seoladh an déantóra	Wondelgemkaai 159, 9000 Gent, An Bheilg
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Wondelgemkaai 159, 9000 Gent, An Bheilg

Ainm an déantóra	N.C.R. Biochemical S.p.A.
Seoladh an déantóra	Via dei Carpentieri n.8, 40050 Castello d'Argile, An Iodáil
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Via dei Carpentieri n.8, 40050 Castello d'Argile, An Iodáil
Ainm an déantóra	Alliance Production
Seoladh an déantóra	4 BOULEVARD DEODAT DE SEVERAC, 31770 COLOMIERS, An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	4 BOULEVARD DEODAT DE SEVERAC, 31770 COLOMIERS, An Fhrainc
Ainm an déantóra	URQUIMIA S.L.
Seoladh an déantóra	POL. IND. DE ARASO C/ERREGEOIANA 2G, 20305 Irún, Guipúzcoa, An Spáinn
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	POL. IND. DE ARASO C/ERREGEOIANA 2G, 20305 Irún, Guipúzcoa, An Spáinn
Ainm an déantóra	Kalon Mantenimiento Industrial S.A.
Seoladh an déantóra	Avenida de la Industria 4, 28823 Coslada, Madrid, An Spáinn
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Avenida de la Industria 4, 28823 Coslada, Madrid, An Spáinn
Ainm an déantóra	Filtrotech Sarl
Seoladh an déantóra	Route des Jeunes 5D, 1227 Les Acacias / Genève, An Eilvéis
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Route des Jeunes 5D, 1227 Les Acacias / Genève, An Eilvéis
Ainm an déantóra	Helamin France Sarl
Seoladh an déantóra	Le Technoparc, 135 rue Thomas-Edison, 01630 Saint Genis Pouilly, An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Le Technoparc, 135 rue Thomas-Edison, 01630 Saint Genis Pouilly, An Fhrainc
Ainm an déantóra	Odyssée Environnement
Seoladh an déantóra	Z.A de la Belle Croix, 72510 Requeil, An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Z.A de la Belle Croix, 72510 Requeil, An Fhrainc

Ainm an déantóra	MSGA SERVIVAP
Seoladh an déantóra	50 Rue Jean Zay Bâtiment D1, 69800 ST PRIEST, An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	50 Rue Jean Zay Bâtiment D1, 69800 ST PRIEST, An Fhrainc
Ainm an déantóra	TECNA ACONDICIONAMIENTOS DE AGUA S.A
Seoladh an déantóra	Letxumborro Hiribidea, 52, 20305 Irun, Guipúzcoa, An Spáinn
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Letxumborro Hiribidea, 52, 20305 Irun, Guipúzcoa, An Spáinn
Ainm an déantóra	h2o facilities sa
Seoladh an déantóra	av. des Grandes-Communes 8, CH-1213 Petit-Lancy, An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	av. des Grandes-Communes 8, CH-1213 Petit-Lancy, An Fhrainc
Ainm an déantóra	FUPINAX S.L.
Seoladh an déantóra	Polígono Industrial El Saladar I, C/ Molina, Nave 4, 30564 Lorquí, An Spáinn
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Polígono Industrial El Saladar I, C/ Molina, Nave 4, 30564 Lorquí, An Spáinn
Ainm an déantóra	Tresch/ chassieu
Seoladh an déantóra	3 Rue Blaise Pascal, 69680 Chassieu, An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	3 Rue Blaise Pascal, 69680 Chassieu, An Fhrainc
Ainm an déantóra	DUPUY
Seoladh an déantóra	42 Rue Saint Martin, 08400 Quatre Champs, An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	42 Rue Saint Martin, 08400 Quatre Champs, An Fhrainc
Ainm an déantóra	SUEZ Water Technologies and Solutions Belgium BVBA
Seoladh an déantóra	Toekomstlaan 54, Industriepark Wolfstee, 2200 HERENTALS, An Bheilg
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Toekomstlaan 54, Industriepark Wolfstee, 2200 HERENTALS, An Bheilg

Ainm an déantóra	Buckman Laboratories (Pty)Ltd
Seoladh an déantóra	1 Buckman Boulevard, 3700 Hammarsdale, An Afraic Theas
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	1 Buckman Boulevard, 3700 Hammarsdale, An Afraic Theas

Ainm an déantóra	EAUTEX
Seoladh an déantóra	28 RUE KELLERMANN, 59100 ROUBAIX, An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	28 RUE KELLERMANN, 59100 ROUBAIX, An Fhrainc

Ainm an déantóra	Hydrogel-Chemie Wasseraufbereitungs-Gesellschaft mbH
Seoladh an déantóra	Zur Mersch 19, 59457 Werl, An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Zur Mersch 19, 59457 Werl, An Ghearmáin

Ainm an déantóra	sceo
Seoladh an déantóra	ZA PECHNAUQUIE SUD, 31340 VILLEMR SUR TARN, An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	ZA PECHNAUQUIE SUD, 31340 VILLEMR SUR TARN, An Fhrainc

Ainm an déantóra	Nutrition & Biosciences (Switzerland) GmbH
Seoladh an déantóra	Wolleraustrasse 15-17, CH-8807 Freienbach, An Eilvéis
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Haven 1931 Geslecht, 9130 Kallo, An Bheilg Madoerastraat 10, 3199 KR Maasvlakte Rotterdam, An Ísiltír

1.5. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha

Substaint ghníomhach	Mixture of 5-chloro-2-methyl-2H- isothiazol-3-one (EINECS 247-500-7) and 2-methyl-2H-isothiazol-3-one (EINECS 220-239-6) (Mixture of CMIT/MIT)
Ainm an déantóra	Jiangsu FOPIA Chemicals Co., Ltd

Seoladh an déantóra	Touzeng Village, 224555 Binhuai Town, Binhai County, Yancheng City, Jiangsu, An tSín
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Touzeng Village, 224555 Binhuai Town, Binhai County, Yancheng City, Jiangsu, An tSín

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacaí

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Mixture of 5-chloro-2-methyl-2H-isothiazol-3-one (EINECS 247-500-7) and 2-methyl-2H-isothiazol-3-one (EINECS 220-239-6) (Mixture of CMIT/MIT)		Substaint Ghníomhach	55965-84-9		2,2	20,9

2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe

Foirmlíú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile
--------------------------	----------------------

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE - SPC(ANNA) META

META SPC 1

1. FAISNÉIS RÍARACHÁIN META SPC 1

1.1. Aitheantóir Meta SPC 1

Aitheantóir	meta-SPC 1 KATHON 13-15 Mg
-------------	----------------------------

1.2. Iarmhír na huimhreach údaraithe

Uimhir	1-1
--------	-----

1.3. Cineál nó cineálacha táirge

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 - Dífhabháin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabháin) PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabháin) PT06 - Leasaithe do tháirgí le linn a stórála (Leasaithe) PT11 - Leasaithe do chórais fhuaraithe agus phróiseála leachta (Leasaithe) PT12 - Slaimicídí (Leasaithe) PT13 - Leasaithe sreabhán oibre nó gearrtha (Leasaithe)
-----------------------------	--

2. COMHDHÉANAMH META SPC 1

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 1

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Mixture of 5-chloro-2-methyl-2H-isothiazol-3-one (EINECS 247-500-7) and 2-methyl-2H-isothiazol-3-one (EINECS 220-239-6) (Mixture of CMIT/MIT)		Substaint Ghníomhach	55965-84-9		18,8	20,9

2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 1

Foirmlíú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile
--------------------------	----------------------

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 1

Ráitis ghuaise	<p>Díobhálach má shlogtar. Díobhálach má ionanálaítear.</p> <p>Tocsaineach má dhéantar teagmháil le craiceann.</p> <p>Ina chúis le dónna troma craicinn agus damáiste don tsúil.</p> <p>D'fhéadfadh a bheith ina chúis le himoibriú ailléirgeach craicinn.</p> <p>An-tocsaineach don saol uisceach le héifeachtaí buana.</p> <p>Creimneach don chonair riospráide.</p> <p>D'fhéadfadh a bheith creimneach do mhiotail.</p>
Ráitis réamhchúraim	<p>Ná hanálaigh múch.</p> <p>Nigh Craiceann go maith tar éis lámhsithe.</p> <p>Ná hith, ná hól nó ná caith tobac nuair atá an táirge seo in úsáid agat.</p> <p>Ná húsáid ach taobh amuigh nó i limistéar dea-aeráilte.</p> <p>Níor cheart go gceadófaí éadaí oibre éillithe a thógáil amach as an áit oibre.</p> <p>Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol.</p> <p>Caith lámhainní cosanta/ éadaí cosanta/ cosaint súl/ cosaint aghaidhe/ cosaint éisteachta.</p> <p>Sruthlaigh do bhéal.</p> <p>MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE CRAICEANN: Nigh le neart uisce.</p> <p>Bain na héadaí éillithe go léir. Agus nigh roimh athúsáid.</p> <p>MÁ SHLOGTAR: Glaoigh ar Ionad nó dochtúir nimhe má airíonn tú tinn.</p>

	<p>Má tharlaíonn greannú nó gríos craicinn: Faigh comhairle leighis.</p> <p>MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh do bhéal. Ná SPREAG urlacan.</p> <p>MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE CRAICEANN (nó gruaig): Bain na héadaí éillithe go léir láithreach. Sruthlaigh an craiceann le uisce.</p> <p>MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann anáilú go compordach.</p> <p>Glaoigh láithreach ar Ionad nó dochtúir nimhe.</p> <p>MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú.</p> <p>Bailigh doirteadh.</p> <p>Stóráil faoi ghlas.</p> <p>Coimeád i bpacáistiú bunaidh amháin.</p> <p>Ionsúigh doirteadh chun damáiste ábhartha a chosc.</p> <p>Stóráil i gcoimeádán frithchreimneach ina bhfuil líneáil inmheánach dhíonach.</p>
--	--

4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 1

4.1. Tuairisc úsáide

Tábla 1

Úsáid # 1 – Leasú uisce sumpá in aerchóiriú agus córais glantacháin aer

An cineál táirge	PT02 - Dífhabháin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabháin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaráithe	—
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	<p>Gnáthainm: Baictéir (L. pneumophila san áireamh) Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Gnáthainm: Algaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p>
Réimse (nó réimsí) úsáide	<p>Faoin aer</p> <p>Leasú uisce sumpá in aerchóiriú agus córais glantacháin aer.</p>

	<p>Córais aerchóirithe agus i gcórais ghlantacháin aeir chun an sump uisce a chaomhnú. Úsáidtear córais ghlantacháin aeir go forleathan i monarchana teicstíle agus i dtionscal an tobac chun an t-aer a sciúradh nó a ghlanadh agus chun teocht agus taise a rialú go mion.</p>
<p>Modh (nó modhanna) úsáide</p>	<p>Airí modha: -</p> <p>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Dáileadh Uathoibríoch agus Láimhe De ghnáth cuirtear an táirge bithicíde i sumpa lárnach uisce fuaraithe a thugann soláthair do roinnt glantóirí aeir. Is féidir an próiseas luchtaithe a dhéanamh de láimh nó trí uathoibriú. Sa phróiseas uathoibríthe, méadaítear an bithicíd isteach sa sump go díreach ó umar coinneála nó cineál eile bulc-choimeádáin le dáileogmhéadar (caidéal). Caithfidh an píopa beathaithe an táirge bithicíde a dháileadh faoi leibhéal an uisce lena ghalú a theorannú.</p>
<p>Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe</p>	<p>Airí úsáide: Forchur íceach: Baictéir, giosta agus fungais. Nuair is léir go bhfuil an córas salach, cuir 5 go 14,9 mg C(M)IT/MIT (3:1) in aghaidh an lítear uisce atá le cóireáil, mar iarchóireáil tar éis dáileog turraing de 0,3 ppm ar a laghad de chlóirín saor. Forchur coisctheach: algaí Nuair atá smacht air, cuir beathú leanúnach nó leath-leanúnach de 3 go 5 mg C(M)IT/MIT (3:1) in aghaidh an m³ den uisce atá le cóireáil.</p> <p>Airí caolaithe: -</p> <p>Airí uainithe:</p> <p>Forchur íceach: Baictéir, giosta agus fungais</p> <p>Nuair is léir go bhfuil an córas salach, cuir 5 go 14,9 mg C(M)IT/MIT (3:1) in aghaidh an lítear uisce atá le cóireáil, mar iarchóireáil tar éis dáileog turraing de 0,3 ppm ar a laghad de chlóirín saor.</p> <p>Am teagmhála 1 uair an chloig.</p> <p>Forchur coisctheach: algaí</p> <p>Nuair atá smacht air, cuir beathú leanúnach nó leath-leanúnach de 3 go 5 mg C(M)IT/MIT (3:1) in aghaidh an L den uisce atá le cóireáil.</p> <p>Is cuma cad é an modh cóireála, níor cheart go mbeadh tíúchan iomlán an chomhábhair ghníomhaigh C(M)IT/MIT (3:1) sa chóras níos mó ná 14,9 mg/L in uisce an tsumpa.</p> <p>Réamhchéimeanna sula gcuirtear leis:</p> <p>Déantar an táirge bithicídeach a dháileadh go huathoibríoch chuig an chóras. Tá láimhseáil sábháilte riachtanach chun táirge bithicíde a luchtú isteach sna córais dáileoga.</p> <p>Minicíocht Forchuir:</p> <p>Gach 2 go 3 lá nó de réir mar is gá chun smacht a fháil. Déan arís é go dtí go lagdaítear an salachar chuig leibhéal inghlactha chun an fás micróbach a rialú.</p>
<p>Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí</p>	<p>Tionsclaíoch</p>

Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	<p>D'úsáideoirí tionsclaíocha agus gairmiúla:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Pola-eitiléin Ard-dlúis (PEAD) fleascán: 5 L (ainmniúil) — Buicéad HDPE / Canna breosla: 10 L, 20 L, 25 L, 30 L (ainmniúil) — Bosca le líneáil HDPE: 20 L — Druma HDPE: 110 L, 120 L, 200 L, 260 L — PEAD Bulc-choimeádán idirmheánach (BCI): 650 L, 800 L, 1 000 L, 1 250 L <p>Ba chóir go mbeidh gach táirge á iompar agus a stóráil i seomra aeráilte.</p>
---	---

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

- Bíodh meas agat ar choinníollacha úsáide an táirge (tiúchan, am teagmhála, teocht, pH, srl.).
- Úsáidtear táirgí bithicíde CMIT/MIT tar éis dáileog turrainge de chlóirín saor leis an fhorhcuir seo mar ghnáthchleachtas tionscail.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

- Sruthlaigh uisce tríd an chóras (na caidéal dáiite ach go háirithe) sula dtugann tú faoin chéim ghlantacháin.
- Caithfidh nochtadh don táirge (táirge creimneach agus íograithe craicinn) a bheith srianta nuair atá meascadh, lódáil agus glanadh na caidéal dáiite trí trealamh cosanta pearsanta (PPE) a úsáid agus trí bheartais maolaithe riosca teicniúil agus eagraíochtúil (RMM) a chur i bhfeidhm:
 - Íoslaghdu de Chéimeanna lámhe (uathobriú próisis);
 - Gléas dáileogach a úsáid;
 - Glanadh rialta trealaimh agus láthair oibre;
 - Teagmháil le huirlisí agus le hábhair éillithe a sheachaint;
 - Caighdeán maith aerála ginearálta;
 - Oiliúint agus bainistíocht foirne ar dhea-chleachtas.
- Tá an PPE mar seo a leanas:
 - lámhainní cosanta ceimiceán-fhriotach (ábhar lámhainní le sonrú ag an sealbhóir údaraithe san fhaisnéis táirge);
 - caithfear ollrabhlaer cosanta (cineál 3 nó 4 ar a laghad, EN 14605) nach scaoileann an táirge bithicíde tríd a chaitheamh (ábhar ollrabhlaera le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge);
 - Cosaint súl;
 - Análaitheoir atá oiriúnach don tsubstaint/don tasc mura bhfuil an aeráil sásúil.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.2. Tuairisc úsáide

Tábla 2

Úsáid # 2 – Leasú leachtanna i gcriosanna iompair agus i sáslacha paisteartha

An cineál táirge	PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaráithe	—
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Leasú leachtanna i gcriosanna iompair agus i sáslacha paisteartha Úsáidtear an táirge bithicídé chun leachtanna próisis a leasú i sáslachaí paisteartha agus criosanna iompair a úsáidtear i dtionscal an bhia. Úsáidtear an táirge bithicídé sna córais seo chun baictéir agus fungais a rialú nó a mharú.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Córas iata Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Dáileadh uathoibríoch Déantar an táirge bithicídé a dháileadh go huathoibríoch sa leacht aistrithe teasa, in ionad meascadh maith (m.sh. sump bailithe faoi bhun an chrios iompair).
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Forchur íceach: Baictéir, giosta agus fungais Nuair is léir go bhfuil an córas salach, cuir 10 go 14,9 g C (M)IT/MIT (3:1) in aghaidh an m ³ d'uisce le caitheamh leis mar iarchóireáil tar éis dáileog turrainge de 0,3 ppm ar a laghad de chlóirín saor Forchur coisctheach: Baictéir: Nuair atá smacht air, cuir beathú leanúnach nó leath-leanúnach de 2,5 go 5 g C(M)IT/MIT (3:1) in aghaidh an m ³ den uisce atá le cóireáil. Airí caolaithe: - Airí uainithe: Forchur íceach: Baictéir, giosta agus fungais Nuair is léir go bhfuil an córas salach, cuir 10 go 14,9 g C(M)IT/MIT (3:1) in aghaidh an m ³ uisce atá le cóireáil, mar iarchóireáil tar éis dáileog turraing de 0,3 ppm ar a laghad de chlóirín saor. Am teagmhála 1 uair an chloig. Forchur coisctheach: Baictéir: Nuair atá smacht air, cuir beathú leanúnach nó leath-leanúnach de 2,5 go 5 g C(M)IT/MIT (3:1) in aghaidh an m ³ den uisce atá le cóireáil.

	<p>Réamhchéimeanna sula gcuirtear leis: Déantar an táirge bithicéadach a dháileadh go huathoibríoch chuig an chóras. Tá láimhseáil sábháilte riachtanach chun coimeádáin ina bhfuil an táirge bithicéadach a luchtú isteach sna córais dáileoga.</p> <p>Minicíocht Forchuir: Gach 2 go 3 lá nó de réir mar is gá chun smacht a fháil. Déan arís é go dtí go laghdaítear an salachar chuig leibhéal inghlactha chun an fás miocróbach a rialú.</p>
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Tionsclaíoch
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	<p>D'úsáideoirí tionsclaíocha agus gairmiúla:</p> <ul style="list-style-type: none"> — fleasc HDPE: 5 L (ainmniúil) — Buicéad HDPE / Canna breosla: 10 L, 20 L, 25 L, 30 L (ainmniúil) — Bosca le líneáil HDPE: 20 L — Druma HDPE: 110 L, 120 L, 200 L, 260 L — HDPE IBC: 650 L, 800 L, 1 000 L, 1 250 L <p>Ba chóir go mbeidh gach táirge á iompar agus a stóráil i seomra aeráilte.</p>

4.2.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

- Bíodh meas agat ar choinníollacha úsáide an táirge (tiúchan, am teagmhála, teocht, pH, srl.).
- Úsáidtear táirgí bithicéadach CMIT/MIT tar éis dáileog turrainge de chlóirín saor leis an fhorhcuir seo mar ghnáthchleachtas tionscail.

4.2.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

- Sruthlaigh uisce tríd an chóras (na caidéal dailte ach go háirithe) sula dtugann tú faoin chéim ghlantacháin.
- Le linn meascadh, luchtú agus glanadh an chórais iomlán, caithfear róthógáil den táirge (táirge creimneach agus íograithe craicinn) a sheachaint trí PPE a úsáid agus RMM teicniúil agus eagraíochtúil a chur i bhfeidhm:
 - Íoslághdú de Chéimeanna láimhe (uathoibriú próisis);
 - Gléas dáileogach a úsáid;
 - Glanadh rialta trealaimh agus láthair oibre;
 - Teagmháil le huirlisí agus le hábhair éillithe a sheachaint;
 - Caighdeán maith aerála ginearálta;
 - Oiliúint agus bainistíocht foirne ar dhea-chleachtas.
- Tá an PPE mar seo a leanas:
 - lámhainní cosanta ceimiceán-fhriotach (ábhar lámhainní le sonrú ag an sealbhóir údaraithe san fhaisnéis táirge);
 - caithfear ollrabhlaer cosanta (cineál 3 nó 4 ar a laghad, EN 14605) nach scaoileann an táirge bithicéadach tríd a chaitheamh (ábhar ollrabhlaera le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge);
 - Cosaint súl;
 - Análaitheoir atá oiriúnach don tsubstaint/don tasc mura bhfuil an aeráil sásúil.

4.2.3. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indéreacha dóchúlacha, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.2.4. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.2.5. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.3. Tuairisc úsáide

Tábla 3

Úsáid # 3 – Leasú fadtéarmach as líne ar sheicní osmóis aisiompaithe a úsáidtear in uisce inólta

An cineál táirge	PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	—
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Leasú fadtéarmach as líne ar sheicní osmóis aisiompaithe a úsáidtear in uisce inólta Moltar an táirge bithicíd C(M)IT/MIT (3:1) chun fás bitheolaíoch a rialú i seicní osmóis aisiompaithe i dtraenacha as líne a tháirgeann uisce inólta ar feadh tréimhsí fada ama.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Córas iata Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Dáileadh láimhe agus uathobrithe. Moltar seicní salacha a ghlanadh sula ndéantar dúnadh síos agus leasú. Déan tagairt don lámhleabhar soláthróra RO /NF do nósanna glantacháin seicní agus múchta córais. Ba cheart an bhithicíd a dháileadh mar bhreiseán cois umair i gcaolú úsáide-scaipthe an leachta, ag úsáid caidéal méadraithe nó trí dhoirteadh de láimh, ag pointe a dhéanann meascadh sásúil a dheimhniú fríd an chórais. Tar éis chórais RO/NF na dtraenacha a líonadh go hiomlán leis an tuaslagán bithicíd, stophtar caidéal (Cóireáil as líne) ar feadh tréimhsí fada. De ghnáth ullmhaítear tuaslagáin C(M)IT/MIT (3:1) san umar CIP (glanadh i bhfeidhm) agus cuirtear iad leis tríd an gcóras dáileoga. Moltar caolú leis an uisce tréscailte nó le huisce ar ardchaighdeán chun an tuaslagán bithicíd a ullmhú. Ba chóir seicní a bheith sáithithe sa tuaslagán bithicíd le linn dúnadh síos.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: 7,5 -20 g de C(M)IT/MIT (3:1)/ m ³ d'uisce Airí caolaithe: - Airí uainithe: 7,5 -20 g de C(M)IT/MIT (3:1)/ m ³ d'uisce

Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Tionsclaíoch
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	<p>D'úsáideoirí tionsclaíocha agus gairmiúla:</p> <ul style="list-style-type: none"> — fleasc HDPE: 5 L (ainmniúil) — Buicéad HDPE / Canna breosla: 10 L, 20 L, 25 L, 30 L (ainmniúil) — Bosca le líneáil HDPE: 20 L — Druma HDPE: 110 L, 120 L, 200 L, 260 L — HDPE IBC: 650 L, 800 L, 1 000 L, 1 250 L <p>Ba chóir go mbeidh gach táirge á iompar agus a stóráil i seomra aeráilte.</p>

4.3.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

- Bíodh meas agat ar choinníollacha úsáide an táirge (tiúchan, am teagmhála, teocht, pH, srl).
- Sula ndéantar na seicní a thógáil ar ais ar líne, déan na heilimintí a shruthlú go cúramach le huisce tréscailte le fáil réitithe den bhithicíd iarmharach ar fad.

4.3.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

- Sruthlaigh uisce tríd an chóras (na caidéal dáilte ach go háirithe) sula dtugann tú faoin chéim ghlantacháin.
- Le linn meascadh, luchtú agus glanadh an chórais iomlán, caithfear róthógáil den táirge (táirge creimneach agus íograithe craicinn) a sheachaint trí PPE a úsáid agus RMM teicniúil agus eagraíochtúil a chur i bhfeidhm:
 - Íoslaghdu de Chéimeanna láimhe (uathoibriú próisis);
 - Gléas dáileogach a úsáid;
 - Glanadh rialta trealaimh agus láthair oibre;
 - Teagmháil le huirlisí agus le hábhair éillithe a sheachaint;
 - Caighdeán maith aerála ginearálta;
 - Oiliúint agus bainistíocht foirne ar dhea-chleachtas.
- Tá an PPE mar seo a leanas:
 - lámhainní cosanta ceimiceán-fhriotach (ábhar lámhainní le sonrú ag an sealbhóir údaraithe san fhaisnéis táirge);
 - caithfear ollrabhlaer cosanta (cineál 3 nó 4 ar a laghad, EN 14605) nach scaoileann an táirge bithicíd tríd a chaitheamh (ábhar ollrabhlaera le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge);
 - Cosaint súl;
 - Análaitheoir atá oiriúnach don tsubstaint/don tasc mura bhfuil an aeráil sásúil.

4.3.3. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indéreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.3.4. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.3.5. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.4. **Tuairisc úsáide**

Tábla 4

Úsáid # 4 – Leasú péinteanna agus bratuithe

An cineál táirge	PT06 - Leasathigh do tháirgí le linn a stórála (Leasathigh)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaráithe	—
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Faoin aer Leasú péinteanna agus bratuithe (leictreaphlátáil san áireamh) Moltar an táirge bithicíd chun fás baictéir agus giosta a rialú i bratuithe a dhéantar a fhorchur trí phróiseas leictreaphlátála agus na córais sruthlathie gaolmhara agus i bpéinteanna uisce-bhunaithe agus bratuithe i gcoimeádáin stórála sula n-úsáidtear iad.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Córas iata Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Dáileadh láimhe agus uathoibríthe. Ba cheart an bhithicíd a dháileadh mar bhreiseán cois umair isteach sa leacht, ag úsáid caidél méadráithe nó trí dhoirteadh de láimh, ag pointe a dhéanann meascadh sásúil a dheimhniú fríd an chórais.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Úsáidí tionsclaíocha: 1,5 - 14,5 % C(M)IT/MIT sna táirgí bithicíd; Péinteanna gairmiúla agus péinteanna an phobail i gcoitinne: 7,5-14,9 mg/kg C(M)IT/MIT (3:1) sa táirge deiridh. Airí caolaithe: - Airí uainithe: Cuirtear an táirge bithicíd leis le linn monaraithe, stórála nó seolta. Úsáidí tionsclaíocha: 1,5 - 14,5 % C(M)IT/MIT sna táirgí bithicíd. Péinteanna gairmiúla agus péinteanna an phobail i gcoitinne: 7,5-14,9 mg/kg C(M)IT/MIT (3:1) sa táirge deiridh. Don táirge bithicíd mar a chuirtear ar fail é: d'úsáid tionsclaíoch amháin.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Tionsclaíoch

Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	<p>D'úsáideoirí tionsclaíocha agus gairmiúla:</p> <ul style="list-style-type: none"> — fleasc HDPE: 5 L (ainmniúil) — Buicéad HDPE / Canna breosla: 10 L, 20 L, 25 L, 30 L (ainmniúil) — Bosca le líneáil HDPE: 20 L — Druma HDPE: 110 L, 120 L, 200 L, 260 L — HDPE IBC: 650 L, 800 L, 1 000 L, 1 250 L <p>Ba chóir go mbeidh gach táirge á iompar agus a stóráil i seomra aeráilte.</p>
---	--

4.4.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

- Is féidir an leasaitheach a chur leis ag céim ar bith de tháirgeadh an táirge.
- Moltar feistiú a dhéanamh a luaithe agus is féidir leis an chosaint optamach a dhearbhu.
- Téigh i gcomhairle leis an monaróir leis an dáileog optamach do na táirgí éagsúla atá le leasú a dhearbhu.
- Moltar go bhfuil an tiúchan agus comhoiriúnacht bithicíde optamach dearbhaithe le foirmlithe aonair le tástálacha saotharlainne.
- D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag fad agus coinníollacha stórála na maitrísí leasaithe ar éifeachtúlacht an táirge, ba chóir tástálacha micribhitheolaíochta a dhéanamh chun an ráta forchuir cuí a dhearbhu gan an t-uasráta fochuir údaraithe a sháru.
- Beidh an táirge bithicíde úsáidte do chóireáil táirgí (earraí/meascáin) dáilte ar úsáideoirí proifisiúnta agus don phobal ginearálta.

4.4.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

- Le linn tréimhsí láimhseála de tháirgí ó Meta SPC 1, 2, 3 agus 4 (meascadh agus luchtú), caithfear róthógáil den táirge (táirgí creimneacha agus íograithe craicinn) a sheachaint trí TCP a úsáid agus trí leas a bhaint as PPE agus RMM eagraíochtúil a chur i bhfeidhm:
 - Íoslághdú de Chéimeanna láimhe (uathoibriú próisis);
 - Gléas dáileogach a úsáid;
 - Glanadh rialta trealaimh agus láthair oibre;
 - Teagmháil le huirlisí agus le hábhair éillithe a sheachaint;
 - Caighdeán maith aerála ginearálta;
 - Oiliúint agus bainistíocht foirne ar dhea-chleachtas.
- Tá an PPE mar seo a leanas:
 - lámhainní cosanta ceimiceán-fhriotach (ábhar lámhainní le sonrú ag an sealbhóir údaraithe san fhaisnéis táirge);
 - caithfear ollrabhlaer cosanta (cineál 3 nó 4 ar a laghad, EN 14605) nach scaoileann an táirge bithicíde tríd a chaitheamh (ábhar ollrabhlaera le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge);
 - Cosaint súl;
 - Análaitheoir atá oiriúnach don tsubstaint/don tasc mura bhfuil an aeráil sásúil.
- Ní mór don tiúchán uasta táirgí ó Meta SPC 1, 2, 3, 4 atá le cur le péint a bheith faoi bhun luach an tairsí de 15 ppm.

4.4.3. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.4.4. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.4.5. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.5. Tuairisc úsáide

Tábla 5

Úsáid # 5 – Leasú glantach agus táirgí tí

An cineál táirge	PT06 - Leasathigh do tháirgí le linn a stórála (Leasathigh)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	—
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Leasú glantach (leachtanna níocháin agus glantacháin) agus táirgí tí. Moltar an táirge bithicídé chun baictéir, giosta agus fungais a rialú i nglantaigh agus leachtanna glantacháin (m.sh. glantóirí dromchla crua (glantóirí uilefhóinteach), táirgí níocháin mhias láimhe, feabhsaitheoir fabraice, glantaigh níocháin), táirgí a úsáidtear le haghaidh cúram gluaisteáin, cúram urláir, céaracha, glantóirí dromchla crua, spúinsí réamhthaisithe nó mapaí, agus na gníomhaithe dromchlacha a úsáidtear sna cineálacha táirgí seo.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Córas iata Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Forchur láimhe agus uathobrithe. Ba cheart an táirge bithicídé a dháileadh chuig an leacht úsáide deiridh ag pointe a dhéanann meascadh sásúil a dheimhniú ag baint úsáide as caidéal méadráithe uathobrithe más féidir nó trí chur leis de láimh.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Úsáidí tionsclaíocha: 1,5 - 14,5 % C(M)IT/MIT sna táirgí bithicídé; Úsáidí gairmiúla agus don phobal i gcoitinne: 6-14,9 mg/kg C(M)IT/MIT (3:1) sa táirge deiridh. Airí caolaithe: - Airí uainithe: Cuirtear an táirge bithicídé dáileog amháin ag an am le linn stórála nó seolta monaraithe. Le dáileadh aonfhoirmeach a dhearbhu, scaip go mall é ag úsáid méadrú uathobrithe nó cuir leis de láimh, isteach sa táirge agus corraigh. Déan iad a mheascadh i gceart go dtí go mbeidh sé scaipthe go cothrom tríd an táirge.

	<p>Táirgí Institiúideacha agus Tí: (glantaigh, glantóirí, bogthóirí, srl.)</p> <p>Úsáidí tionsclaíocha: 1,5 - 14,5 % C(M)IT/MIT sna táirgí bithicéide.</p> <p>Úsáidí gairmiúla agus don phobal i gcoitinne: 6-14,9 mg/kg C(M)IT/MIT (3:1) sa táirge deiridh.</p> <p>Don táirge bithicéide mar a chuirtear ar fail é: d'úsáid thionsclaíoch amháin.</p>
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Tionsclaíoch
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	<p>D'úsáideoirí tionsclaíocha agus gairmiúla:</p> <ul style="list-style-type: none"> — fleasc HDPE: 5 L (ainmniúil) — Buicéad HDPE / Canna breosla: 10 L, 20 L, 25 L, 30 L (ainmniúil) — Bosca le líneáil HDPE: 20 L — Druma HDPE: 110 L, 120 L, 200 L, 260 L — HDPE IBC: 650 L, 800 L, 1 000 L, 1 250 L <p>Ba chóir go mbeidh gach táirge á iompar agus a stóráil i seomra aeráilte.</p>

4.5.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

- Is féidir an leasaitheach a chur leis ag céim ar bith de tháirgeadh an táirge.
- Moltar feistiú a dhéanamh a luaithe agus is féidir leis an chosaint optamach a dhearbhu.
- Téigh i gcomhairle leis an monaróir leis an dáileog optamach do na táirgí éagsúla atá le leasú a dhearbhu.
- Moltar go bhfuil an tíuchan agus comhoiriúnacht bithicéide optamach dearbhaithe le foirmlithe aonair le tástálacha saotharlainne.
- D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag fad agus coinníollacha stórála na maitrísí leasaithe ar éifeachtúlacht an táirge, ba chóir tástálacha micribhitheolaíochta a dhéanamh chun an ráta forchuir cuí a dhearbhu gan an t-uasráta fochuir údaraithe a sháru.
- Beidh an táirge bithicéide úsáidte do chóireáil táirgí (earraí/meascáin) dáilte ar úsáideoirí proifisiúnta agus don phobal ginearálta.

4.5.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

- Le linn tréimhsí láimhseála de tháirgí ó Meta SPC 1 agus 3 (meascadh agus luchtú), caithfear róthógáil den táirge (táirgí creimneacha agus íograithe craicinn) a sheachaint trí TCP a úsáid agus trí leas a bhaint as PPE agus RMM eagraíochtúil a chur i bhfeidhm:
 - Íoslághdú de Chéimeanna láimhe (uathobriú próisis);
 - Gléas dáileogach a úsáid;
 - Glanadh rialta trealaimh agus láthair oibre;
 - Teagmháil le huirlisí agus le hábhair éillithe a sheachaint;
 - Caighdeán maith aerála ginearálta;
 - Oiliúint agus bainistíocht foirne ar dhea-chleachtas.
- Tá an PPE mar seo a leanas:
 - lámhainní cosanta ceimiceán-fhriotach (ábhar lámhainní le sonrú ag an sealbhóir údaraithe san fhaisnéis táirge);

- caithfear ollrabhlaer cosanta (cineál 3 nó 4 ar a laghad, EN 14605) nach scaoileann an táirge bithicíd tríd a chaitheamh (ábhar ollrabhlaera le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge);
 - Cosaint súl;
 - Análaitheoir atá oiriúnach don tsubstaint/don tasc mura bhfuil an aeráil sásúil.
- Ní mór don tiúchán uasta táirgí ó Meta SPC 1, 3 atá le cur le glantaigh agus táirgí tí a bheith faoi bhun luach an tairsí de 15 ppm.

4.5.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indéreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.5.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.5.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.6. **Tuairisc úsáide**

Tábla 6

Úsáid # 6 – Leasú leachtanna a úsáidtear i dtáirgeadh páipéir, teicstíle agus leathair - Cóireáil íceach

An cineál táirge	PT06 - Leasaithe do tháirgí le linn a stórála (Leasaithe)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	—
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Leasú leachtanna a úsáidtear i dtáirgeadh páipéir, teicstíle agus leathair - Úsáidtear an táirge bithicíd chun truailliú baictéir a laghdú i mbreiseáin teicstíle (fite agus neamh-fite, nádúrtha agus sintéiseach lena n-áirítear eibleachtaí sileacóin) ceimiceáin phróiseála, gach ceimiceán a úsáidtear i dtionscal an phróisis leathair agus breiseáin páipéir (m.sh. greamaigh lí uisce, stáirse, gumaí nádúrtha, laitéis shintéiseacha agus nádúrtha, oibreáin méide, ceanglóirí brataithe, áiseanna coinneála, ruaimeanna, oibreáin bánaithe fluaraiseacha, roisíní neart fluich) a úsáidtear i muilte páipéir. Déanann an táirge bithicídeach bac a chur ar na miocroorgánaigh fais, rud a bheadh ina chúis giniúint bolaithe, athrú slaodachta, drochdath a chur ar tháirge agus cliseadh táirge roimh am murach sin.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Córas iata Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Dáileadh láimhe agus uathoibríthe.

	Ba cheart an táirge bithicíde a dháileadh chuig an leacht úsáide deiridh ag pointe a dhéanann meascadh sásúil a dheimhniú ag baint úsáide as caidéal méadraithe uathoibríthe más féidir nó trí chur leis de láimh.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	<p>Airí úsáide: Úsáidí tionsclaíocha: 1,5 - 14,5 % C(M)IT/MIT sna táirgí bithicíde; Úsáideanna gairmiúla: 16 to 30 mg/kg de C(M)IT/MIT (3:1) sa táirge deiridh.</p> <p>Airí caolaithe: -</p> <p>Airí uainithe: Cuirtear an táirge bithicíde dáileog amháin ag an am le linn stórála nó seolta monaraithe. Úsáidí tionsclaíocha: 1,5 - 14,5 % C(M)IT/MIT sna táirgí bithicíde.</p> <p>Úsáideanna gairmiúla: Cóireáil íceach: 16 to 30 mg/kg de C(M)IT/MIT (3:1) sa táirge deiridh. Am teagmhála: 24 uair an chloig</p> <p>Don táirge bithicíde mar a chuirtear ar fail é: d'úsáid thionsclaíoch amháin.</p>
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Tionsclaíoch
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	<p>D'úsáideoirí tionsclaíocha agus gairmiúla:</p> <ul style="list-style-type: none"> — fleasc HDPE: 5 L (ainmniúil) — Buicéad HDPE / Canna breosla: 10 L, 20 L, 25 L, 30 L (ainmniúil) — Bosca le líneáil HDPE: 20 L — Druma HDPE: 110 L, 120 L, 200 L, 260 L — HDPE IBC: 650 L, 800 L, 1 000 L, 1 250 L <p>Ba chóir go mbeidh gach táirge á iompar agus a stóráil i seomra aeráilte.</p>

4.6.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

- Is féidir an leasaitheach a chur leis ag céim ar bith de tháirgeadh an táirge.
- Moltar feistiú a dhéanamh a luaithe agus is féidir leis an chosaint optamach a dhearbhu.
- Téigh i gcomhairle leis an monaróir leis an dáileog optamach do na táirgí éagsúla atá le leasú a dhearbhu.
- Moltar go bhfuil an tíuchan agus comhoiriúnacht bithicíde optamach dearbhaithe le foirmlithe aonair le tástálacha saotharlainne.
- D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag fad agus coinníollacha stórála na mairísí leasaithe ar éifeachtúlacht an táirge, ba chóir tástálacha micribhitheolaíochta a dhéanamh chun an ráta forchuir cuí a dhearbhu gan an t-uasráta fochuir údaraithe a sháru.
- Beidh an táirge bithicíde úsáidte do chóireáil táirgí (earraí/meascáin) dáilte ar úsáideoirí profisiúnta amháin.

4.6.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

- Le linn tréimhsí láimhseála de tháirgí ó Meta SPC 1, 2, 3 agus 4 (meascadh agus luchtú), caithfear róthógáil den táirge (táirgí creimneacha agus íograithe craicinn) a sheachaint trí TCP a úsáid agus trí leas a bhaint as PPE agus RMM eagraíochtúil a chur i bhfeidhm:
 - Íoslághdú de Chéimeanna láimhe (uathoibríú próisis);
 - Gléas dáileogach a úsáid;
 - Glanadh rialta trealaimh agus láthair oibre;

- Teagmháil le huirlisí agus le hábhair éillithe a sheachaint;
 - Caighdeán maith aerála ginearálta;
 - Oiliúint agus bainistíocht foirne ar dhea-chleachtas.
- Tá an PPE mar seo a leanas:
- lámhainní cosanta ceimiceán-fhriotach (ábhar lámhainní le sonrú ag an sealbhóir údaraithe san fhaisnéis táirge);
 - caithfear ollrabhlaer cosanta (cineál 3 nó 4 ar a laghad, EN 14605) nach scaoileann an táirge bithicíde tríd a chaitheamh (ábhar ollrabhlaera le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge);
 - Cosaint súl;
 - Análaitheoir atá oiriúnach don tsubstaint/don tasc mura bhfuil an aeráil sásúil.
- Agus an tiúchan uasta táirgí a úsáidtear chun leachtanna a úsáidtear i dtáirgeadh páipéir, teicstíle agus leathair a chaomhnú os cionn luach tairsí 15 ppm, ní mór róthógáil a sheachaint trí PPE a úsáid, a dhéanann craiceann agus seicní múcasacha a d'fhéadfadh a bheith nochtaithe a chosaint, agus trí RMM teicniúil agus eagraíochtúil a chur i bhfeidhm:
- Íoslághdú de chéimeanna láimhe;
 - Gléas dáileogach a úsáid;
 - Glanadh rialta trealaimh agus láthair oibre;
 - Teagmháil le huirlisí agus le hábhair éillithe a sheachaint;
 - Caighdeán maith aerála ginearálta;
 - Oiliúint agus bainistíocht foirne ar dhea-chleachtas.

4.6.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.6.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.6.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.7. **Tuairisc úsáide**

Tábla 7

Úsáid # 7 – Leasú gliúnna agus greamacháin

An cineál táirge	PT06 - Leasaithe do tháirgí le linn a stórála (Leasaithe)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	—
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil

Réimse (nó réimsí) úsáide	<p>Faoi dhíon</p> <p>Leasú gliúnna agus greamacháin</p> <p>Moltar an táirge bithicídé chun fás baictéir agus giosta a rialú i ngreamaitheacha sintéiseacha agus nádúrtha intuaslachta in uisce agus uisce-scaipthe i gcoimeádáin stórála sula n-úsáidtear iad</p>
Modh (nó modhanna) úsáide	<p>Airí modha: Córas iata</p> <p>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:</p> <p>Forchur láimhe agus uathobrithe.</p> <p>Ba cheart an táirge bithicídé a dháileadh chuig an leacht úsáide deiridh ag pointe a dhéanann meascadh sásúil a dheimhniú ag baint úsáide as caidéal méadráithe uathobrithe más féidir nó trí chur leis de láimh.</p>
